**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 135 Eagrán Speisialta Gaeilge an 22 Bealtaine 2019)*

1. Ar leathanach 97, Airteagal 4, pointe (8):

*in ionad:* “(8) ciallaíonn ‘sonraí céannachta’ na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 27(3)(a) go (e);”,

*léitear:* “(8) ciallaíonn ‘sonraí céannachta’ na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 27(3)(a) agus (b);”.

2. Ar leathanach 124, Airteagal 59(5), pointe (a):

*in ionad:* “(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(da) Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht;’;”,

*léitear:* “(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(db) Grúpa Comhairleach um Idir-inoibritheacht;’;”.

3. Ar leathanach 130, an chéad abairt d’Airteagal 66(4):

*in ionad:* “Ón imchlúdach dá dtagraítear i mír 1, déanfar EUR 22 861 000 a leithdháileadh ar eu-LISA, EUR 9 072 000 ar Europol agus EUR 144 000 ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), chun tacú leis na gníomhaireachtaí sin a gcúraimí faoi faoin Rialachán seo. Is faoi bhainistíocht indíreach a chuirfear an maoiniú sin chun feidhme.”,

*léitear:* “Ón imchlúdach dá dtagraítear i mír 3, déanfar EUR 22 861 000 a leithdháileadh ar eu-LISA, EUR 9 072 000 ar Europol agus EUR 144 000 ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), chun tacú leis na gníomhaireachtaí seo a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo a dhéanamh. Is faoi bhainistíocht indíreach a chuirfear an maoiniú sin chun feidhme.”.